

ÚSÁID NA GAEILGE AR CHOMHARHAÍ TRÁCHTA

USE OF IRISH ON TRAFFIC SIGNS



Tá úsáid na Gaeilge ar chomharthaí tráchta na tíre ar an léiriú is feiceálaí de pholasáí an stáit i leith ár dteangacha oifigiúla, Gaeilge agus Béarla. Caithfidh údaráis bhóithre na tíre cloí leis na dualgais atá leagtha orthu maidir le húsáid na dteangacha sin ar chomharthaí tráchta faoin *Lámhleabhar do Chomharthaí Tráchta*. Is iad na húdaráis atá i gceist ná an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta agus údaráis áitiúla na tíre.

The use of Irish on the country's traffic signs is the most visible illustration of the state's policy regarding our official languages, Irish and English. The road authorities are obliged to adhere to the obligations imposed on them with regard to the use of those languages on traffic signs under the *Traffic Signs Manual*. The authorities involved are the National Roads Authority and the country's local authorities.

An Lámhleabhar do Chomharthaí Tráchtá

Foilseachán oifigiúil atá eisithe mar ordúchán de chuid an Aire Iompair é an *Lámhleabhar do Chomharthaí Tráchtá*. Is iad seo a leanas na príomhdhualgais a leagtar ar na húdaráis bhóithre sa Lámhleabhar:

Logainmneacha ar Chomharthaí Eolais

Caithfidh logainmneacha ar chomharthaí eolais a bheith i nGaeilge agus i mBéarla ach amháin:

- I gcás ceantair Ghaeltachta, áit a gcaithfidh na logainmneacha a bheith i nGaeilge amháin.
- Sa chás gur cosúil litriú logainm sa dá theanga, is í foirm Ghaeilge an logainm amháin ba chóir a úsáid (Caibidil 1.1.48 den Lámhleabhar).

Ba chóir don téacs i nGaeilge a bheith i gcló iodálach, i gcás íochtair, leis an túsлитir mar cheannlitir. Beidh claonadh 15 chéim ar dheis ar an script i nGaeilge (Caibidil 1.1.53 den Lámhleabhar).

Ba chóir don téacs i mBéarla a bheith i gcló rómhánach agus i gcás uachtair (Caibidil 1.1.54 den Lámhleabhar).

Comharthaí Eolais gan Logainmneacha

Ba chóir na riachtanais thuasluaite a chur i bhfeidhm ar gach uile chomhartha eolais, ar a n-áirítear plátaí eolais a chuirtear in airde in éineacht le comharthaí (Caibidil 1.1.50 den Lámhleabhar).

Foirmeacha & Litriú Logainmneacha

Ba chóir a chinntiú go n-úsáidtear na foirmeacha agus an litriú ceart de logainmneacha ar chomharthaí tráchtá (Caibidil 1.1.49 den Lámhleabhar).

- (a) Ba chóir do na húdaráis bhóithre an t-Ordú Logainmneacha cuí a scrúdú.

[Nóta breise: Tá cóipeanna de na hOrduithe Logainmneacha go léir atá déanta go dtí seo ar fáil ag www.coimisineir.ie/logainmneacha.

Baineann an chuid is mó de na hOrduithe le contaetha éagsúla ach tá Orduithe ann freisin a thugann ainmneacha na gcúigí agus na gcontaetha, na lárionad daonra (bailte agus sráidbhailte san áireamh) agus na gceantar Gaeltachta.]

- (b) Mura bhfuil logainm san áireamh san Ordú Logainmneacha, ba chóir dul i gcomhairle le *Gasaitéar na hÉireann* a d'fhoilsigh an Brainse Logainmneacha den tSuirbhéireacht Ordanáis i 1989 agus a thugann liosta dátheangach de phríomhainmneacha tíreolaíochta na hÉireann.

[Nóta breise: Is féidir an leagan ceart Gaeilge de logainm a dhearbhu trí leas a bhaint as www.logainm.ie. Mura bhfuil an logainm ar fáil ansin, is féidir dul i dteagmháil leis an mBrainse Logainmneacha trí leas a bhaint as an bhfoirm ar líne atá ar fáil ag www.logainm.ie.]

- (c) Agus dearbhú á lorg ar an leagan ceart Gaeilge de logainm nach bhfuil tugtha i gceachtar de na foilseacháin thuasluaite, ba chóir dul i gcomhairle leis an gCoimisiún Logainmneacha. Sula ndéanfadh údaráis bhóithre é sin, d'fhéadfaí a fháil amach trí chomhairliúchán áitiúil an bhfuil tábhacht speisialta go háitiúil le logainmneacha ar leith nó an bhfuil úsáid thraidisiúnta i gceist.

[Nóta breise: Ba chóir a bheith airdeallach go bhfuil dualgais faoi leith ag baint le logainmneacha Gaeltachta atá daingnithe san Ordú Logainmneacha (Ceantair Ghaeltachta) IR 872 de 2004 atá ar fáil ag www.coimisineir.ie/logainmneacha.]

Achoimre ar Logainmneacha

Má tá logainmneacha rófhada, is féidir iad a ghiorrú, mar shampla: Baile – B.; Caisleán – Cais.; Droichead – Dr.; Mainistir – Main. (Caibidil 2.3.10 den Lámhleabhar).

Comharthaí Rabhaidh (san áireamh Comharthaí faoi Oibreacha Bóthair)

Ní hiondúil go mbíonn téacs ar na comharthaí seo ach bíonn siombail orthu chun teachtaireachtaí a chur in iúl. Má tá téacs in úsáid, ba chóir an téacs a bheith dátheangach. Má tá an baol ann, áfach, go laghdófaí tionchar na teachtaireachta, ba chóir comharthaí ar leith i nGaeilge agus i mBéarla a úsáid. (Caibidil 1.1.51 den Lámhleabhar).

Traffic Signs Manual

The *Traffic Signs Manual* is an official publication issued as an order by the Minister for Transport. These are the primary obligations imposed on road authorities in the Manual:

Placenames on Information Signs

It is a statutory requirement that placenames on information signs be in both Irish and English except:

- In Gaeltacht areas, where the names of places should be in Irish only.
- Where the spelling of a placename is similar in both languages, in which case only the Irish form of the name should be shown (Chapter 1.1.48 of the Manual).

All Irish text should be in italic print, in lower case lettering, with initial letters in capitals. Irish script should be inclined to the right at an angle of 15 degrees to the vertical (Chapter 1.1.53 of the Manual).

All English text should be in upper case roman letters (Chapter 1.1.54 of the Manual).

Information Signs not depicting Placenames

The above requirements should also be applied to all other information signs including information plates which may accompany signs (Chapter 1.1.50 of the Manual).

Forms & Spelling of Placenames

It should be ensured that the correct forms and spelling of placenames are used on traffic signs (Chapter 1.1.49 of the Manual).

- (a) Road authorities should consult the appropriate Placenames Order.

[Supplementary note: Copies of all the Placenames Orders made to date are available at www.coimisineir.ie/placenames.

Most of the Orders relate to individual counties but there are also Orders confirming the official names of provinces, counties, centres of population (including towns and villages) and Gaeltacht areas.]

- (b) If the placename is not included in the Placenames Order, the *Gazetteer of Ireland* should be consulted. The *Gazetteer* was published in 1989 by the Placenames Branch of the Ordnance Survey and provides a bilingual list of the principal geographical names of Ireland.

[Supplementary note: The correct Irish language version of a placename can be confirmed by using www.logainm.ie. If the placename is not listed there, the Placenames Branch should be contacted using the online form available at www.logainm.ie.]

- (c) In determining the correct Irish form of a placename which is not provided in either of the above publications, road authorities should in all cases consult with the Placenames Commission. Before doing so, road authorities may wish to ascertain through local consultation whether specific placenames have a particular local significance or what traditional local usage may exist.

[Supplementary note: It should be noted that specific requirements apply to Gaeltacht placenames which have been confirmed in the Placenames Order (Gaeltacht Districts) S.I. No. 872 of 2004 which is available at www.coimisineir.ie/placenames.]

Abbreviation of Placenames

If placenames are too long, they may be abbreviated, for example: Baile – B.; Caisleán – C.; Droichead – Dr.; Mainistir – Main. (Chapter 2.3.10 of the Manual)

Warning Signs (including Road Works Signs)

These signs do not generally contain text but incorporate symbols to convey messages. Where text is used, it should be bilingual. However, where there is a danger that the impact of the message would be diluted, separate Irish and English signs should be used (Chapter 1.1.51 of the Manual).

Má fheictear duit go bhfuil comharthaí tráchta curtha in airde ag na húdaráis bhóithre nach bhfuil ag teacht leis na forálacha reachtúla, is féidir leat gearán a dhéanamh le hOifig an Choimisinéara Teanga ar an bhfoirm ghearáin.

Agus tú ag líonadh na foirme gearáin, ba chóir duit leas a bhaint as an seicliosta seo. Dá mhéad eolais a chuireann tú ar fáil dúinn, is amhlaidh is fearr a bheimid in ann dul i ngleic go cuí le do ghearán.

Is fearr foirm faoi leith a líonadh i gcás gach comhartha faoina bhfuil tú ag gearán.

If it appears to you that traffic signs have been erected by the road authorities that are not in accordance with the statutory provisions, you may wish to complain to the Office of An Coimisinéir Teanga on the complaint form.

While filling in the complaint form, please use the following checklist. The more information you provide on the form, the more likely it is that we will be able to deal with your complaint appropriately.

A separate form should be completed in relation to each sign about which you wish to make a complaint.

SEICLIOSTA

✓ CHECKLIST

Áit

Tabhair eolas beacht faoin áit ina bhfuil an comhartha tráchta suite. [Mar shampla, ar an R332 idir Tuaim agus Baile an Róba in aice le páirc an Chumainn Lúthchleas Gael timpeall 1.7km ó Thuaim agus tú ag taisteal i dtreo Bhaile an Róba.]

Cuir léaráid, léarscáil agus/nó na comhordanáidí GPS ar fáil a léiríonn suíomh an chomhartha tráchta, más féidir. Tabhair eolas freisin, más féidir, faoi dhath agus faoi chineál an chomhartha tráchta.

Place

Provide precise information about the location of the traffic sign. [For example, on the R332 between Tuam and Ballinrobe near the GAA grounds about 1.7km from Tuam while travelling in the direction of Ballinrobe.]

If possible, provide a diagram, a map and/or the GPS coordinates which show the location of the traffic sign.

Provide information also, if possible, on the colour and the type of traffic sign.

Míchruinneas

Tabhair eolas beacht faoin méid atá scríofa ar an gcomhartha tráchta, faoin méid atá mícheart air agus faoin leasú a theastaíonn dar leat, mar shampla botúin litrithe nó gramadaí nó easpa Gaeilge.

Inaccuracy

Provide precise information about what is written on the traffic sign, about what is incorrect on the traffic sign and about the amendments which you consider are necessary, e.g. spelling or grammar mistakes or lack of Irish.

Freagracht

Tabhair ainm an údaráis bhóithre atá freagrach as an gcomhartha tráchta, más féidir (mar shampla an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta nó ainm an údaráis áitiúil).

Responsibility

Provide the name of the road authority which is responsible for the traffic sign, if possible (e.g. the National Roads Authority or the name of the local authority).

Grianghraf

Cuir grianghraf ar fáil den chomhartha tráchta, más féidir.

Photograph

Provide a photo of the traffic sign, if possible.